

ATLAS OF THE **IRISH**
REVOLUTION
Acmhainní do Scoileanna



College of
Arts, Celtic Studies
and Social Sciences

AONAD 5:

Léarscáilíocht Éirí Amach 1916

Bileoga Oibre SS (Sraith Shóisearach)

Clár Ábhair

Ceacht 1-2	An Tréimhse Roimh an tÉirí Amach: Éire 1915-1916	p. 1
Ceacht 3.	Aistear an <i>Aud</i> agus an Freasordú	p. 10
Ceacht 4.	An Éirí Amach a Thuairisciú	p. 18
Ceacht 5.	Iarmhairt an Éirí Amach	p. 26
Ceacht 6.	Bású, Díbirt agus Athruithe ar Thuairimí	p. 30

AONAD 5:

CEACHT 1-2: AN TRÉIMHSE ROIMH AN TÉIRÍ AMACH: ÉIRE 1915-1916

Pictiúr A:



Ainm: _____

Ról: _____

Pictiúr B:



Ainm: _____

Ról: _____

TASC AN SCOLÁIRE 1:

Tá an tasc deartha chun cuidiú le hathbhreithniú an chuid roimhe de do chúrsa staire agus chun tú a ullmhú don chéad chuid eile.

- Céim 1:* Beidh seacht nóiméad agat chun na bearnaí sna habairtí a líonadh ar an gcéad leathanach eile (bain úsáid as d'fhoclóir chun ciall aon fhocal nach dtuigeann tú a aimsiú)
- Céim 2:* Nuair a bheidh do sheacht nóiméad críochnaithe, cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat
- Céim 3:* Ansin, i mbeirteanna, bain úsáid as do chuid freagraí chun an amlíne a chomhlánú ar an gcéad leathanach eile
- Céim 4:* Scríobh abairt amháin i ngach bosca chun achoimre a dhéanamh ar an méid a tharla an lá sin
- Céim 5:* D'fhéadfá an togha a ghlacadh siombail a chur san áireamh chun an méid a tharla ar gach dáta a léiriú



An tÉirí Amach: Pleanáil, 1911 -1916

Lúnasa 1911-Mean Fómhair 1912

Le hAcht na P_____ 1911 cuireadh an chumhacht gan ach bille a mhoilliú in ionad c_____. Theach na dTiarnaí. An 11 Aibreán _____, thug rialtas an Pháirtí Liobrálach ag Westminster, a bhí ag brath ar TPanna Éireannacha chun greim a choinneáil ar chumhacht, an Tríú Bille Rialtais D _____ isteach chuig Teach na dTeachtaí. Ritheadh an Bille, lena ligfí d'Éirinn í féin a rialú i bpáirt, agus bhí sé dlite le bheith ina dhlí i 1914. I meán Fómhair na bliana sin, chuir leathmhilliún Aontachtach in iúl go raibh siad i gcoinne Rialtas Dúchais tríd an gConradh agus C_____ S_____ a shíniú.

Meán Fómhair-Samhain 1913

Bunaíodh Ó_____ Uladh (UVF) i Eanáir 1913 ag ceannairí Aontachtacha Edward C_____ agus James Craig chun cuir i gcoinne Rialtas Dúchais le fórsa dá mbeadh sé riachtanach. I Samhain sa bhliain chéanna bunaíodh Óglaigh na hÉireann i mBaile Átha Cliath ag (ainmnigh an fear i ngrianghraf A) _____ chun tabhairt isteach Rialtais Dúchais a chosaint. Bhunaigh Séamas Ó Conghaile Arm C_____ na hÉireann (ICA) sa mhí chéanna chun oibrithe ar stailc a chosaint i gcoinne na bpóilíní le linn S_____ agus Fhrithdhúnadh 1913.

Aibreán-Lúnasa 1914

San earrach i 1914, bunaíodh rannán cúnta na mban de chuid Óglaigh na hÉireann, C_____ na mBan, in Óstán Wynn i mBaile Átha Cliath. In Aibreán thug an UVF 35,000 raidhfíl Gearmánach isteach le haghaidh agóide dá ndéanfaí Rialtas Dúchais a rith. Go gairid ina dhiaidh sin, d'eagraigh Óglaigh na hÉireann teacht isteach na ngunnaí ag B_____ mar thaca le Rialtas Dúchais. Tógadh timpeall ar 900 raidhfíl Gearmánach isteach ón nGearmáin ar bord luamh Erskine Childers, an Asgard an 26 Iúil 1914.

I Lúnasa 1914, d'fhógair Impireacht na Breataine cogadh ar an nG_____ agus ba é sin tús an C_____ C_____ D_____. Cuireadh Rialtas Dúchais ar ceal le haghaidh thréimhse na coinbhleachta. Gheall John R_____, ceannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉ_____, ar son a thacadóirí chun tacú le hiarracht cogaidh na Breataine agus é ag súil go ndéanfaí tabhairt isteach Rialtais Dúchais a chosaint leis sin tar éis an chogaidh. Mar gheall ar a ghlaio ar náisiúnaithe i gcaint ag An Droichead Adhmaid, Contae Chill Mhantáin i Meán Fómhair chonacthas s_____ i ngluaiseacht na nÓglach. Tugadh Na hÓglaigh Náisiúnta ar an tromlach de thimpeall ar 180,000 a lean Redmond, agus lean an m_____ de 11,000 Eoin Mac Néill agus choinnigh siad an t-ainm Ó_____ na hÉireann. Ag an am céanna, mheas Bráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) - grúpa a bhí tiomanta chun deighilt iomlán a fháil ó S_____ trí fhórsa arm - go raibh 'deacracht Shasana ina deis d'É_____'. Thosaigh an IRB chun síothlú isteach go rúnda in Óglaigh na hÉireann le haghaidh Éirí Amach sa toadhcháí.


Eanáir-Bealtaine 1915

Agtús 1915 shocraigh Comhairle Uachtarach an IRB chun é_____ a eagrú ag C_____ na bliana dar gcionn. Cúig mhí ní ba dhéanaí, chruthaigh siad Comhairle Mhíleata bheag le cúigear inti faoi cheannas Thomas Clarke agus (ainmnigh an fear sa ghrianghraf) S_____ Mac _____ chun éirí amach a phleanáil. D'earcaigh siad an scríbhneoir agus príomhoide ar Choláiste Éanna, Ráth Fearnáin, P_____ Mac P_____ mar cheann feadhna. D'éirigh Joseph Plunkett ina bhall freisin. Ní ba dhéanaí, le Séamas Ó C_____, Eamonn Ceannt agus Thomas McDonagh mar bhaill, bhí seachtar ann mar cheannairí. D'fhéach siad maoiniú a fháil ó Chlann na nGael - eagraíocht p_____ Éireannach i Meiriceá - mar aon le cabhair mhíleata ón nGearmáin.

AMLÍNE: ÉIRE 1911-1915

Joint projects

Cardinals




TASC AN SCOLÁIRE

Suíochán Te

Is í an bhliain 1915 agus tugadh cuireadh duit chuig preasócaid rúnda le James Connolly, Seán Mac Diarmada, Pádraig Mac Piarais, John Redmond agus Eoin Mac Néill. Níl mórán ama acu, áfach, agus ní ghlacfaidh siad ach trí cheist.

- Céim 1:* Déanfaidh do mhúinteoir an rang a roinnt ina ghrúpaí de cheathrar agus inseofar do na grúpaí an carachtar ar a mbeidh siad in ann ceist a chur.
- Céim 2:* Chun ullmhú don agallamh, ba cheart do gach ball den ghrúpa an bhileog eolais ábhartha a léamh.
- Céim 3:* In éineacht le chéile ba cheart daoibh an méid ar mian libh fáil amach a chomhaontú agus bhur gceisteanna a ullmhú dá réir sin.
- Céim 4:* Ní mór don scoláire sa suíochán te fanacht i gcarachtar le haghaidh thréimhse iomlán an tseisiúin ceisteanna agus freagraí.
- Céim 5:* Nuair a bheidh a gceisteanna freagartha acu, ní mór daoibh cinneadh a dhéanamh cibé acu an raibh nó nach raibh siad inchreidte sa ról sin. Ba cheart daoibh bhur n-aiseolas a bhunú ar bhur n-eolas ar an gcarachtar agus ar na himeachtaí roimh 1915.



Bileog Eolais Carachtair 1: James Connolly

Rugadh James Connolly i Meitheamh 1868 i gceann amháin de na limistéir slumaí i nDún Éideann in Albain. Tháinig a thuismitheoirí ó Chontae Mhuineacháin ar dtús, agus thóg siad a gclann i mbochtaineacht agus iad ar an anás agus bhí saol an-chrua acu i nDún Éideann. D'fhreastail Séamas ar scoil go dtí go raibh sé deich mbliana d'aois, nuair a fuair sé obair ag oifig nuachtáin, ag glanadh an dúigh thriomaithe ó na printéirí. Nuair a bhí sé ceithre bliana d'aois, d'inis sé bréag faoina aois chun dul le hArm na Breataine agus rinne sé seirbhís in Éirinn, go príomha timpeall ar Chorcaigh. Nuair a bhí sé bliain is fiche d'aois d'fhág Ó Conghaile an t-arm, phós sé Lillie Reynolds, agus bhog siad ar ais go hAlbain. Agus é ag obair mar sclábhaí agus mar iompróir, d'fhorbair sé spéis sa sóisialachas agus chuaigh sé le Cónaidhm Shóisialach na hAlban.

I 1896, tar éis theip a shiopa gréasaí i nDún Éideann, bhoga Connolly a chlann óg chuig Baile Átha Cliath. I mBealtaine, bhunaigh sé an Páirtí Sóisialach Poblachtach (ISRP) agus bhunaigh sé nuachtán na heagraíochta, *The Workers' Republic*. Bhí Connolly i gcoinne Rialtas Dúchais mar shíl sé nach raibh mórán seans ann go ndéanfaí staid an lucht oibre a fheabhsú leis. Faoi 1902 theip ar an ISRP agus thóg Connolly a theaghlach chuig Meiriceá chun cónaí ann, áit a raibh sé an-ghníomhach i measc lucht náisiúnach agus sóisialach Éireannach.

Tháinig an teaghlach ar ais chuig Baile Átha Cliath i

1910 agus an bhliain dar gcionn ceapadh Ó Conghaile ina eagraí Bhéal Feirste de Cheardchumann Oibrithe Iompair agus Ilsaothair na hÉireann faoi cheannas James Larkin. I 1912 bhunaigh sé Páirtí Lucht Oibre na hÉireann le James Larkin agus bhí sé ina leascheannasaí le linn Stailc agus Fhrithdhúnadh 1913. Chuaigh oibrithe tramanna Bhaile Átha Cliath a bhí ina mbaill den ITGWU ar stailc agus d'fhreagair fostóirí Bhaile Átha Cliath trína gcuid oibrithe a fhrithdhúnadh. Ní raibh réiteach ar an stailc, a raibh an-fhulaingt ann do na stailceoirí lena linn, go dtí 1914. Le linn na tréimhse sin rinne Ó Conghaile a nuachtán, *The Workers' Republic*, a athbheochan agus chuidigh sé le hArm Cathartha na hÉireann a bhunú chun na hoibrithe ar stailc a chosaint i gcoinne na bpóilíní.

Go dtí sin, bhí obair uile Connolly tiomanta do chearta an lucht oibre a fhorbairt agus ní do neamhspleáchas na hÉireann ó riail na Breataine. Ó 1913 ar aghaidh, thosaigh sé ag scríobh faoin dóigh nach mbeadh oibrithe na hÉireann in ann a gcuid ceart a aimsiú ach in Éirinn a bhí faoi riail mhuintir na hÉireann - Poblacht na nOibrithe. I Feabhra 1915 chuir na húdaráis i gCaisleán Bhaile Átha Cliath cosc ar an nuachtán *The Workers' Republic* mar bhí scríbhneoireacht Uí Chonghaile ag éirí an-mhíleata. Bhí sé i gcoinne go poiblí earcú Éireannach chuig Arm na Breataine agus chuir sé aonaid armtha an ICA ar paráid i mBaile Átha Cliath. Chuir sé sin inní ar Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, a chreid go dtarraingeodh a chuid taispeántas ró-aird ó na húdaráis agus iad ag pleanáil an éirí amach.



Ceisteanna:

1.
2.
3.

Bileog Eolais Carachtair 2: Seán Mac Diarmada

Shínigh Seán Mac Diarmada (1883-1916) Forógra na Cásca agus d'fhéadfaí a rá gurbh eisean príomh-eagraí Éirí Amach 1916. Tháinig Seán Seosamh Mac Diarmada ó chúla teaghlaigh ar fheirm bheag i gContae Liatroma agus ó aois óg bhí sé ar intinn aige éirí ina mhúinteoir scoile. Ach cuireadh bac ar a uaillmhianta trína easpa cumais i Matamaitic agus theip air scoláireacht an Rí a fháil, rud lenar cuireadh cosc air as dul faoi oiliúint do ghairmré sa mhúinteoireacht. D'fhág sé an scoil nuair a bhí sé naoi mbliana déag agus chaith sé tamall gairid ag obair mar gharraíodóir i nDún Éideann sular tháinig sé ar ais chuig Éirinn i 1904. Nuair a bhí sé óg bhí Mac Diarmada ina náisiúnaí measartha agus i 1905 d'athraigh a thuairimí polaitiúla go drámatúil. Bhog sé chuig Béal Feirste áit a bhfuair sé obair mar oibreoir tram, chuaigh sé le Conradh na Gaeilge agus cuireadh faoi mhionn é i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann.



Bhí Seán Mac Diarmada ina fhear dóighiúil, mealltach agus ba eagraí sármhaith é agus dúil mhór aige don obair. Bhain sé clú agus cáil amach mar eagraí íochta Chonradh Shinn Féin nua i 1907. De réir mar a rinne sé struchtúr eagraíochta an pháirtí a fhorbairt, bhí sé ina eagraí náisiúnta freisin don IRB, ag díriú ar Chonradh na Gaeilge agus ar an gCumann Lúthchleas

Gael mar phríomhréimsí earcaíochta don IRB.

I 1908 bhog Mac Diarmada go Baile Átha Cliath, áit ar bhuail sé le seanfhondúir an IRB Thomas Clarke a bhí díreach tar éis tagtha ar ais ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. In éineacht le Clarke, le Bulmer Hobson agus le Denis McCullough, bhí ról thar a bheith tábhachtach ag Seán Mac Diarmada in athbheochan an IRB. Ach buaileadh buile pearsanta ar Mhac Diarmada i 1911 nuair a cuireadh faoi mhíchumas é mar gheall ar an bpóilió agus don chuid eile dá shaoil bhí air maide siúil a úsáid. I 1912 ceapadh é mar bhainisteoir an nuachtáin phoblachtaigh, Irish Freedom.

Gabhadh Mac Diarmada i 1915 as roinnt cainteanna a dhéanamh ina ndearna sé Éireannaigh a dhíspreagadh as dul le hArm na Breataine. Chaith sé ceithre mhí i bpríosún Mhuinseo.

I mBealtaine 1915 chuir Comhairle Uachtarach an IRB comhairle mhíleata rúnda ar bun chun an éirí amach a phleanáil agus aird na Breataine ar an gcogadh. Nuair a scaoileadh saor é ón bpríosún d'éirigh Mac Diarmada ina phríomh-phleanálaí laistigh den Chomhairle Mhíleata agus bhí sé freagrach den chuid is mó as na baill eile a earcú.

Ceisteanna:

1.
2.
3.

Bileog Eolais Carachtair 3: John Redmond

Múnláíodh gairmré pholaitiúil John Redmond ag an bhfionn a bhí air Rialtas Dúchais a aimsiú d'Éirinn. Rugadh é i dteaghlach Caitliceach iomráiteach i 1856 agus bhí a athair, William Archer Redmond, ina TP Rialtais Dúchais do Chontae Loch Garman. Tar éis oideachas a fháil ag Coláiste na Tríonóide, d'éirigh Redmond ina chúntóir dá athair ag Westminster. Agus é ansin, bhuail sé le Charles Stewart Parnell - an TP Éireannach óg, mealltach - a chuaigh i bhfeidhm air. Nuair a d'éirigh Parnell ina cheannaire ar Pháirtí Pharlaiminteach na hÉireann i 1882, d'éirigh Redmond a bhí ceithre bliana is fiche d'aois, agus a toghadh le déanaí mar TP do Ros Mhic Thriúin, ina leantóir dílis dá chuid.

Ach bhí géarchéim ag bagairt ar Pháirtí Pharlaiminteach na hÉireann i 1890 nuair a ainmníodh Parnell i gcás colscartha. Bhí sé i gcaidreamh seachphósta le Katherine O'Shea, bean chéile le TP eile. Rinneadh an páirtí a scoilteadh ina dhá chuid - daoine de lucht leanúna Parnell agus daoine i gcoinne Parnell. Bhí Redmond sa mhionlach a bhí fós dílis do Parnell. Nuair a athaontaíodh Páirtí Pharlaiminteach na hÉireann i 1900, toghadh Redmond ina cheannaire air.

Ba bhliain de réabadh mór polaitiúil í 1910. Mar thoradh ar dhá olltoghchán toghadh rialtas an Pháirtí Liobrálach a bhí spleách ar vótaí Pháirtí Pharlaiminteach na hÉireann chun greim a choinneáil ar chumhacht. Tugadh cumhacht mhargála ollmhór do Redmond leis sin. Rinne sé idirbheartaíocht leis an bPríomh-Aire Liobrálach Herbert Asquith, a chomhaontaigh chun Bille Rialtais Dúchais nua a thabhairt isteach d'Éirinn mar mhalairt ar thacaíocht Redmond. Thug Asquith an Tríú Bille Rialtais Dúchais isteach do Theach na dTeachtaí in Aibreán 1912. Labhair Redmond leis na TPanna a bhí tagtha le cheile

agus tocht soiléir air. 'Más féidir liom é a rá go hurramach, tugaim buíochas le Dia go mhair mé chun an lá seo a fheiceáil'.

Le fiche nó tríocha bliain anois, is é Teach na dTiarnaí a bhí ina phríomh-bhac roimh an Rialtas Dúchais. I 1911, laghdaíodh a chumhacht croise (diúltú) leis an Acht Parlaiminteach go cumhacht moillithe. Chiallaigh sé sin, nuair a ritheadh Bille Asquith i dTeach na dTeachtaí i 1912, bheadh sé ina dhlí go deimhin tar éis dhá bhliain. Cuireadh imní mhór ar Aontachtaithe le smaoineamh an Rialtais Dúchais, mar chreid siad go mbeadh parlaimint

i mBaile Átha Cliath ag obair chun leas dhaonra Chaitliceach tuaithe an dheiscirt agus go mbeadh sé sin ina bhagairt ar an tuaisceart tionsclaíoch, Protastúnach. Ba ionann Rialtas Dúchais agus 'Rialtas na Róimhe', dúirt siad.

Faoi 1914, bhí dhá eagraíocht mhíleata i gcoinne a chéile in Éirinn. Óglaigh Uladh, a bhí tiomanta do sheasamh i gcoinne Rialtas Dúchais le fórsa más gá, agus Óglaigh na hÉireann faoi cheannas Eoin Mac Néill, a bunaíodh chun tabhairt isteach Rialtais Dúchais a chosaint. Creideann a lán daoine go ndearnadh cogadh sibhialta in Éirinn a sheachaint mar gheall ar bhriseadh amach an Chéad Chogaidh Dhomhanda i Lúnasa 1914. Bhí Redmond ag súil, trí na hÓglaigh a spreagadh dul le hArm na Breataine, go ndéanadh sé cúis Rialtais Dúchais a neartú. Mar gheall ar achainí Redmond rinneadh Óglaigh na hÉireann a scoilteadh.

Cháin go leor daoine Redmond as an oiread sin Éireannach a spreagadh chun troid sa Chogadh Mór. Dúirt daoine eile, amhail staraí na hÉireann J.J. Lee, nach raibh an dara rogha ag Redmond.



Ceisteanna:

1.
2.
3.

Bileog Eolais Carachtair 4: Pádraig Mac Piarais

Rugadh Pádraig Anraoi Mac Piarais i 1879 ag 27 Sráid Brunswick Mór (Sráid an Phiarsaigh anois) i mBaile Átha Cliath, áit a raibh gnólacht saoirseachta cloiche ag a athair, a bhí ina Shasanach. Tógadh Mac Piarais mar Chaitliceach cráifeach agus bhí tionchar ag a aintín Margaret air agus é ina leanbh agus d'inis sí an iomaí scéal dó faoi laochra mhiotaseolaíocht na hÉireann amhail Cú Chulainn. Bhí Mac Piarais cúthail agus míchompordach go sóisialta agus d'fhreastail sé ar mheánscoil na mBráithre Críostaí i Rae an Iarthair, áit a ndearna sé spéis ollmhór a fhorbairt sa Ghaeilge agus i Litríocht na hÉireann. Nuair a bhí sé seacht mbliana déag d'aois chuaigh sé i gConradh na Gaeilge. D'fhreastail Mac Piarais ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, áit a bhfuair sé céim i mBéarla, Fraincis agus Gaeilge.

Fuair Mac Piarais céim mar abhcóide ní ba dhéana ach níor chleacht sé an dlí. Bhí sé dírithe ar Chonradh na Gaeilge. Scríobh sé ailt ar bhonn rialta do nuachtán na heagraíochta, An Claidheamh Soluis. Ag an bpointe sin, bhí Mac Piarais níos dírithe ar an gcultúr seachas an pholaitíocht. Ghlac sé an ról mar eagarthóir An Claidheamh Soluis i 1903 agus thosaigh sé ag scríobh scéalta agus filíochta. Chaith sé an tsaoire sa samhradh ag Ros Muc, Contae na Gaillimhe, áit a fuair sé spreagadh ó chainteoirí dúchais na Gaeilge agus ó mhodh maireachtála na tuaithe.

Le linn na tréimhse céanna, theagasc Mac Piarais an Ghaeilge i scoileanna éagsúla i mBaile Átha Cliath agus mar gheall ar a spéis ollmhór san oideachas bhunaigh sé scoil do bhuachaillí i 1908 - Scoil Éanna ag Teach Fhiodh Cuilinn i Raghnallach. Dhá bhliain ina

dhiadh sin, d'aistrigh sé an scoil chuig na caoga acra de fhearainn páirce ag Ráth Fearnáin áit a raibh an scoil ina scoil chónaithe. I measc na múinteoirí bhí Thomas MacDonagh, Willie Pearse (deartháir le Pádraig) agus Con Colbert - bheadh ról tábhachtach ag gach duine díobh in Éirí Amach 1916.

Thacaigh Mac Piarais leis an mbille Rialtais Dúchais i 1912 ach d'éirigh a thuairimí polaitiúla ní ba radacaí go luath ina dhiaidh sin. I Samhain 1913 bhí sé ina bhall ar an gcoiste dháréag a bhunaigh Óglaigh na hÉireann; ina dhiaidh sin bhí an ról tábhachtach aige de stiúrthóir oibríochtaí míleata Óglaigh na hÉireann. I Nollaig 1914 chuaigh sé isteach i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) agus nuair a bhí sé ar chamchuairt léachtaí i Stáit Aontaithe Mheiriceá tháinig sé faoi thionchar John Devoy ó Chlann na nGael - eagraíocht phoblachtach i Meiriceá.

I Lúnasa 1915 thug Mac Piarais an óráid cois uaigne ag sochraid an tseanfiondúra Fhínínigh Jeremiah O'Donovan Rossa. Ba rosc catha a chuid focal - 'Ní bheidh Éire gan saoirse ina síocháin go deo' - do phoblachtaigh in Éirinn agus thar lear agus rinneadh a ról a dhaingniú mar phríomhghuine in Óglaigh na hÉireann agus san IRB. I Meán Fómhair toghadh Mac Piarais do Chomhairle Uachtarach an IRB. Measadh é mar dhuine measúil, dea-labhartha, agus roghnaíodh é mar bhall den Chomhairle Mhíleata ina raibh príomhról aige in eagrú an Éirí Amach. Cuimhnítear Mac Piarais mar cheannaire Éirí Amach 1916 agus as a chreideamh san idé den 'íobairt fola' - troid a dhéanamh agus é lánchinnte nach raibh aon seans de rath míleata ach ag creidiúint go spreagfaí glúine ina ndiaidh lena mbásanna chun troid ar son Shaoirse na hÉireann.



Ceisteanna:

1.
2.
3.

Bileog Eolais Carachtair 5: Eoin Mac Néill

Ba scoláire na Gaeilge agus náisiúnaí é Eoin Mac Néill, an séú duine d'ocht ar leanbh a rugadh do cheannaí, Archibald MacNeill, i nGleann Arma i gContae Aontroma an 15 Bealtaine 1867. Bhí tionchar láidir ag a thógáil i nGleann Aontroma ar Mhac Néill, áit ina raibh traidisiún láidre na Gaeilge ann. Chuir muintir Mhic Néill tábhacht ar leith san oideachas freisin agus i 1885 fuair sé scoláireacht chun staidéar a dhéanamh ar Nuatheangacha. Thosaigh sé ag obair mar státseirbhíseach i mBaile Átha Cliath i 1887 agus sa bhliain chéanna thosaigh sé chun staidéar a dhéanamh i ndáiríre ar an nGaeilge. I 1893, in éineacht le Dubhghlas de hÍde, bhunaigh Mac Néill Conradh na Gaeilge - eagraíocht a bhí tiomanta do chaomhnú na Gaeilge. Bhí sé ina theangeolaí agus ina staraí thar barr, agus ceapadh Mac Néill mar Ollamh Luathstair na hÉireann ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (CÓBAC), i 1909. D'éirigh sé ina staraí iomráiteach, agus b'fhearr aithne air as a chuid saothair ar luath-dhlí na hÉireann agus ar Naomh Pádraig.



An 1 Samhain 1913, d'fhoilsigh Mac Néill alt, 'The North Began', i *An Claidheamh Soluis*. Ghríosai sé náisiúnaithe chun eiseamláir Óglaigh Uladh (UVF) a leanúint, rud a spreag an IRB chun cuireadh a thabhairt dó bheith ina cheannasaí ar Óglaigh na hÉireann a bunaíodh dhá lá déag ina dhiaidh sin. Mhol sé cruthú fórsa ban comhlántach freisin, Cumann na mBan. Mar Cheann Foirne Óglaigh na hÉireann, bhí baint ag Mac Néill le tógáil isteach arm a phleanáil le linn thabhairt isteach na ngunnaí ag Binn Éadair i Iúil 1914.

Tar éis scoilteadh Óglaigh na hÉireann i Meán Fómhair

1914, lean an mionlach de thimpeall ar 11,000 ar aghaidh faoi cheannasaíocht Mhic Néill. Bhí an fórsa níos lú sin faoi rialú an IRB go príomha agus ní raibh mórán measa acu ar Rialtas Dúchais. D'éasaontaigh Mac Néill le pleananna Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann le haghaidh éirí amach armtha agus Óglaigh na hÉireann rannpháirteach ann. Chreid sé go raibh gníomhaíocht mhíleata gan ionchas soiléir ratha 'mícheart ó thaobh na moráltachta de'. Do Mhac Néill, níorbh fhéidir bonn cirt a thabhairt do ghníomhaíocht armtha ach amháin dá ndéanfadh na Briotanaigh iarracht Óglaigh na hÉireann a dhí-armáil nó chun coinscríobh (seirbhís éigeantach in Arm na Breataine) a chur i bhfeidhm le fórsa.


Idir an dá linn, d'éagraigh an IRB inlíochtaí gnáthúla do mhaidin Dhomhnach Cásca 1916 d'fhonn éirí amach ar fud na tíre a cheilt.

Ar an gCéadaoin an 15 Aibreán 1916 chuir na comhchealgairí IRB sa Chomhairle Mhíleata doiciméad brionnaithe faoi bhráid Mhic Néill ('Doiciméad an Chaisleáin'), lena raibh sé molta go raibh sé ar intinn ag na Briotanaigh príomhcheannairí Óglaigh na hÉireann a ghabháil. D'inis siad dó faoi airm na Gearmáine freisin a bhí ar shiúl chuig Éirinn ar bord an Aud. Agus é ag creidiúint go raibh bagairt láithreach ann ar Óglaigh na hÉireann, agus go mbeadh seans ratha maith ag éirí amach, d'aontaigh Mac Néill do shlógadh ginearálta ar Dhomhnach Cásca.

Nuair a fuair sé amach gur cuireadh dallamullóg air d'eisigh Mac Néill, agus é ar mire, freasordú chun an slógadh a chealú. Mar thoradh air sin, cuireadh Éirí Amach 1916 siar go dtí Luan Cásca, agus bhí sé teoranta beagnach ina iomáine do Bhaile Átha Cliath. Fiú ansin, ní raibh ach timpeall ar cheathrú de na líonta fear a bheadh ann murach sin.

Ceisteanna:

1.
2.
3.



Foirm Aiseolais: 1

Smaoiním gur fhreagair an carachtar na ceisteanna

Go sochreidte ☐ Go réasúnta sochreidte ☐ Gan dealramh ☐

Mar:

Is í an chomhairle a thabharfainn don aisteoir chun an carachtar a dhéanamh níos sochreidte:

Foirm Aiseolais: 2

Smaoiním gur fhreagair an carachtar na ceisteanna

Go sochreidte ☐ Go réasúnta sochreidte ☐ Gan dealramh ☐

Mar:

Is í an chomhairle a thabharfainn don aisteoir chun an carachtar a dhéanamh níos sochreidte:

Foirm Aiseolais: 3

Smaoiním gur fhreagair an carachtar na ceisteanna

Go sochreidte ☐ Go réasúnta sochreidte ☐ Gan dealramh ☐

Mar:

Is í an chomhairle a thabharfainn don aisteoir chun an carachtar a dhéanamh níos sochreidte:

Foirm Aiseolais: 4


Smaoiním gur fhreagair an carachtar na ceisteanna

Go sochreidte ☐ Go réasúnta sochreidte ☐ Gan dealramh ☐

Mar:

Is í an chomhairle a thabharfainn don aisteoir chun an carachtar a dhéanamh níos sochreidte:


CEACHT 3: AISTEAR AN 'AUD' AGUS AN FREASORDÚ



Pictiúr A: Freasordú Eoin Mhic Néill lena ndearnadh inlíochtaí a chur siar a bhí pleanáilte do Dhomhnach Cásca, 1916 [Foinse: *Irish Examiner*]



Pictiúr B: Arm Cathartha na hÉireann in eagar lasmuigh de cheanncheathrú an ITGWU ag Halla na Saoirse, Baile Átha Cliath, ag deireadh 1914. [Foinse: *Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*, KE 198]



TASC AN SCOLÁIRE

Sna leathanaigh ina dhiaidh seo, gheobhaidh tú cuntas insinte ar na himeachtaí le linn chruinniú géarchéime na Comhairle Míleata ag Halla na Saoirse ar Dhomhnach Cásca 1916. Tá Thomas Clarke, Éamonn Ceannt, Joseph Plunkett, Pádraig Mac Piarais, Thomas MacDonagh, Seán Mac Diarmada agus Séamas Ó Conghaile díreach tar éis freasordú Eoin Mhic Néill a fheiceáil agus ní mór dóibh cinneadh a dhéanamh cibé acu an rachaidh siad nó nach rachaidh siad ar aghaidh leis an éirí amach atá pleanáilte.

I d'aonar, léigh an cuntas insinte agus freagair na ceisteanna tuisceana gairide ina dhiaidh.

Halla na Saoirse, Dé Domhnaigh An 23 Aibreán 1916

Bhí giúmar tromchroíoch ann i Halla na Saoirse ag 9:00m ar mhaidin Dhomhnach Cásca 1916. Mhéaraigh Thomas Clarke, duine de phríomhúdair na bpleananna a bhí pleanáilte go cúramach le haghaidh éirí amach ar fud na tíre, go fóchoimhar trí eagrán na maidine sin den Sunday Independent. Tar éis dó an leathanach ábhartha a aimsiú, thaispeáin sé an t-alt maslach do bhaill eile Chomhairle Mhíleata an IRB. Freasordú Eoin Mhic Néill a bhí ann, lena ndearnadh ‘inlíochtaí’ Óglaigh na hÉireann a chur siar a bhí pleanáilte don lá sin.

‘Chuir sé deireadh le haon seans a bhí againn!’ arsa Éamonn Ceannt ag bualadh a dhoirn síos ar an tábla péine i lár oifig Shéamais Uí Conghaile. Sméid na fir eile a gcinn agus iad ag aontú leis. Ba bhuille uafásach é cailleadh an Aud agus gabháil Roger Casement ar an Aoine, ach chonacthas dóibh gurbh é sin buille an bháis don éirí amach a bhí pleanáilte.

Bhí Óglaigh na hÉireann i gCiarraí ag súil le bualadh leis an Aud ar an Domhnach ach tháinig an long Gearmánach lena lastas de 20,000 raidhfil agus 10 meaisínghunna go cósta Chiarraí i bhfad ní ba luaithe mar a bhíodhas ag súil. Idir an dá linn, bhí cabhlach na Breataine in ann cóid Teileagraif na Gearmáine a bhriseadh agus chuaigh siad ó dheas chun an Aud a stopadh. Sheol an Captaen



Spindler isteach i bhÁ Thrá Lí ach gabhadh é go luath ina dhiaidh sin agus tionlacadh é go Cuan Chorcaí ag Cabhlach na Breataine. Ansin chuir sé an long go tóin poill seachas ligean do na Briotanacha seilbh a ghlacadh ar na hairm.

‘Tá ár n-airm cailte, agus tá ár n-arm ruaigthe,’ arsa Ceannt le casaoid.

Bhuail Seán Mac Diarmada an tábla lena mhaide siúil le barr práis, agus aird iomlán a chomhchealgairí á tarraingt air.

‘Tá an éirí amach seo á phleanáil le bliain go leith anois’ arsa Mac Diarmada. ‘Tá ár n-oifigigh réidh, tá na pleananna dréachtaithe agus tá na fir oilte. Táimid fós in ann éirí amach gan fhios, agus creid uaimse é, ní bhfaighidh muid seans níos fearr ná seo arís.’

‘Cad a mholann tú mar sin de?’ d’fhiafraigh Ó Conghaile go borb, a bhlas Albanach níos tréine in amanna frustachais mhóir. ‘Is é an Niallach Ceann Foirne ar Óglaigh na hÉireann agus leanfaidh na fir a chuid orduithe. Tá an tír lánscortha agus...’

‘Ní aontáim,’ arsa Clarke agus é ag briseadh isteach, de réir mar a bhog sé isteach i solas na maidine a bhí ag déanamh a bhealaigh trí chomhláir ar fhuinneoga Halla na Saoirse. Agus é ocht mbliana déag d’aois bhí an sean-Fhíneach ina dhuine is sine de na fir a bhí tagtha le chéile, a aghaidh rocach mar thoradh ar cúig bliana déag i bpríosúin i Sasana.

‘Níl cur siar ina rogha dúinn! Ní mór dúinn cloí leis an bplean bunaidh. Mura ndéanaimid an ruathar anois, ní dhéanfaimid go deo’.

Lig Ceannt osna as. ‘Bheadh muid in ann é a chur siar, ach ní bhfad. Tá na húdaráis réidh chun na hÓglaigh a chur faoi smacht ag nóiméad ar bith.

‘Smáinigh le haghaidh nóiméid’ arsa Joseph Plunkett go faichilleach. Bhí ceannaire óg na nÓglach bán san aghaidh agus tanaí, iarmhairtí na heitinne le feiceáil go soiléir. Stad sé le haghaidh nóiméid, agus a lámh á cur ar an mbindealán thart ar a scornach.

‘Bheadh sé ina phlean maith chun é a chur siar faoi lá amháin’, ar seisean. ‘Beimid fós in ann éirí amach gan fhios, ach beidh an t-am againn teachtairí a chur amach le tuairisc chun an freasordú a fhreasordú. ‘Rachaimid amach amárach, Luan Cásca.’

Bhí miongháire ar Phádraig Mac Piarais mar gheall ar an moladh, agus na sceitimíní ag filleadh ar ais air. Cé go raibh Clarke agus Mac Diarmada fós dóchasach faoi rath míleata, bhí a fhios aige nach raibh san fhiontar míleata mór dá gcuid ach beart siombalach. Dhéanfaidís ráiteas drámatúil nach mbeadh an domhan in ann neamhshuim a dhéanamh de. Cinnte, bhí seans maith ann go bhfaighidís bás mar gheall air, ach bheadh gach beatha caillte ina spreagadh do dhaoine eile chun leanúint leis an troid ar son shaoirse na hÉireann. Íobairt fola a bheadh ina n-íobairt! Cé chomh cuí agus a bhí sé, dar leis, go n-éireoidís amach ag an gCáisc - tréimhse an aiséirí agus na hathbheochana.

Bhí a fhios Clarke nach raibh an bua aige, agus ghlac sé a shuíochán arís go drogallach agus thosaigh sé ag méarú trí charr mór páipéar. ‘Más sin an comhaontú mar sin’ ar seisean go mifhoighneach, ‘ba cheart dúinn díriú ar an gcéad mhír eile ar an glár - Forógra Phoblacht na hÉireann’.

‘Cinnté’ arsa Thomas MacDonagh, an file agus múinteoir a rugadh i dTiobraid Árann agus an ball ba dhéanaí den Chomhairle Mhíleata. ‘Tá an dréacht deiridh réidh. Léifidh tUachtarán an Rialtais Shealadaigh é taobh amuigh de Cheanncheathrú Óglaigh na hÉireann amárach’.

‘Mar sin, níl le déanamh againn ach uachtarán a thoghadh’ arsa Ó Conghaile le miongháire, agus é ar an eolas aige go bhféadfadh sé a bheith ina chinneadh achannach.

‘Ainmním Clarke’ arsa Mac Diarmada láithreach, ‘le hómós do na blianta seirbhíse a chaith sé ar son chúis na Poblachta’.

Bhí comhaontú trí fhiacra ann, ach bhí ábhar an ainmniúcháin ag bogadh go míchompordach ina shuíochán. Chaith Clarke, ball de ghluaiseacht rúnda na bhFíriní le haghaidh beagnach daichead bliain, a shaol iomlán ag obair go rúnda agus ag seachtaint aird an phobail. Bhí sé míchompordach faoi ról mar cheann feadhna.

‘Diúltáim’, arsa Clarke. ‘Teastaíonn fear mealltach uainn, duine a bhfuil teacht i láthair ann agus ag a bhfuil an cumas óráidíochta chun an t-aitheasc stairiúil a dhéanamh ... duine amháil Mac Piarais.

D’fhéach gach duine ar an bhfile óg a d’ardaigh a smig agus go bródúil agus miongháire air ‘Glafaidh mé é’, ar seisean, agus é eolach go raibh sé réidh le bheith ina steillbheatha den chúis a raibh sé toilteanach a bheatha féin a íobairt ar a son.

‘Ceart go leor’ arsa Clarke, agus a pheann tobair á thógáil amach as a phóca uachtair, ‘tá sin socraithe’. Toghadh Pádraig Mac Piarais mar Uachtarán Phoblacht na hÉireann agus Ard-Cheannfort Arm Phoblacht na hÉireann - cónascadh Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann.


Mar cheannaire an ICA, ghlac Ó Conghaile ceannas ar ról Ard-Cheannfort Rannán Bhaile Átha Cliath an airm. Bhí sé compordach sa ról míleata tábhachtach sin, agus cuid mhór dá óige caite aige in Arm na Breataine. Bhí a fhios aige go raibh údarás nádúrtha agus meon oirbheartaíoch aige. Agus cuspóir nua aige, d’fhéach Ó Conghaile ar Clarke agus é ag sínú a ainm faoi fhocail an Fhorógra a cumadh go cúramach sular thug sé an doiciméad do bhaill eile na Comhairle Míleata.

Ceisteanna Tuisceana

1. Cad é an nuachtán ina raibh freasordú Mhic Néill foilsithe?
2. I do chuid focal féin, mínigh an fáth a raibh cailleadh an Aud ina bhuille mór do phleananna an IRB le haghaidh éirí amach ar fud na tíre?
3. Tabhair dhá chúis le smaoineamh Sheáin Mhic Dhiarmada nárbh cheart dul ar aghaidh leis an éirí amach.
4. Cén fáth a raibh Mac Piarais réidh chun troda, agus é eolach go raibh seans beag ann de rath míleata?
5. Cad é an cinneadh deiridh a ghlac an Chomhairle Mhíleata faoin Éirí Amach?
6. Cad iad an dá ról a tugadh do Phádraig Mac Piarais le linn an chruinnithe ar Dhomhnach Cásca?

- Doiciméad A -


Léarscáil lena dtaispeántar bealaí fhomhuireán Roger Casement U19 agus an *Aud* i 1916



TASC AN SCOLÁIRE - LÉARSCÁIL A LÉAMH

Scrúdaigh an léarscáil go cúramach, léigh an achoimre ar imeachtaí thíos agus ansin freagair na ceistanna a thagann ina diaidh :

AISTEAR AN 'AUD'



Achoimre: Ag briseadh amach an Chéad Chogaidh Dhomhanda, chomhaontaigh Comhairle Mhíleata an IRB agus rialtas na Gearmáine chun airm a thabhairt i dtír le haghaidh éirí amach in Éirinn ag am éigin idir an Déardaoin 20 Aibreán agus an Domhnach 23 Aibreán 1916. De réir mar a bhí an t-am ag teacht níos gaire, bhí imní ar an IRB go gcuirfeadh tabhairt i dtír luath na húdaráis ar a n-airdeall agus go ndéanfaí an éirí amach a mhilleadh. D'iarr siad go gcuirfí siar é go dtí Domhnach Cásca. Ach faoin am a tháinig an teachtaireacht chuig an nGearmáin, áfach, bhí long na n-arm imithe cheana féin ó chaladh Mhuir Bhailt Lubeck.

Bhí criú de 22 fear agus lastas de 20,000 raidhfil ar bord an galtán lastais, *SS Libau* faoi cheannas Lt. Karl Spindler. Chun aird Chabhlaigh na Breataine a sheachaint, chuir an criú bréagriocht cúramach ar an long Gearmánach ionas go raibh cuma lastlong na hIorua, an *Aud*, uirthi. Sheachain Spindler bacainn an Chabhlaigh Ríoga amach ó chósta

na Gearmáine trí dhul i bhfad ó thuaidh os cionn na hÍoslainne sular imigh sé de ruathar ó dheas trí longa picéid éagsúla na Breataine. Tháinig an *Aud* go cósta iardheisceart na hÉireann ar oíche Déardaoin. Bhí Spindler aineolach ar am athraithe theacht i dtír na n-arm, agus ós rud é nach raibh aon raidió aige, chaill sé an t-ionad coinne a bhí beartaithe leis an bhfomhuireán Gearmánach ar a raibh an Ridire Roger Casement.

Iidir an dá linn, bhí rialtas na Breataine in ann cóid teileagraif na Gearmáine a bhriseadh agus bhí siad ar an eolas faoi thabhairt isteach na ngunnaí. Bhí an *Aud* in ann dul isteach i mbá Thrá Lí gan fhios agus chuardaigh sé comharthaí ón gcladach gan tairbhe.

Ag 1in stop slúpaí an Chabhlaigh Ríoga an *Aud* agus rinneadh í a thionlacan chuig Cuan Chorcaí. Chuir Spindler an t-árthach go tóin poill ar mhaidin Sathairn agus leis sin cuireadh ó dhóchas aon seans d'éirí amach ar fud na tíre.

CEISTEANNA TUISCEANA

Doiciméad A agus an Achoimre

1. Cuir síos ar dhá straitéis as ar bhain Spindler agus a chriú úsáid chun aird Chabhlaigh na Breataine a sheachaint.


2. Ag lárphointe a haistir, chuaigh an *Aud* trí threo dhá long patróil na Breataine amach ó chósta na hÍo slainne. Cad iad ainmneacha na long sin?

3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí sé nach raibh raidió ag Spindler ar bord an *Aud*?

4. Cad é an t-ainm a bhí ar ártach Chabhlaigh na Breataine a rinne an *Aud* a ghabháil ar Aoine an Chéasta 1916?

5. Bunaithe ar do léamh ar an léarscáil agus ar an achoimre, roghnaigh ceann amháin de na trí thasc a leanas:

Rogha 1: Scríobh cuntas insinte gairid ina bhfuil an Captaen Karl Spindler i mbun comhrá le carachtar amháin eile. D'fhéadfadh an radharc tarlú ag pointe ar bith ar an aistear ach ba cheart go léireofaí tuiscint leis ar an mbealach a bhí tógtha agus ar na fadhbanna a bhí os comhair Spindler agus a chriú. Ba cheart duit an léarscáil agus an cuntas insinte ag tús an leabhair oibre seo a úsáid mar spreagadh



Rogha 2: Scríobh an iontráil dialainne ghairid a scríobh an Captaen Spindler b'fhéidir Dé hAoine an 21 Aibreán 1916. Tá sé díreach tar éis a bheith stoptha ag Cabhlaigh na Breataine agus tá an long á tionlacan chuig Cuan Chorcaí. Déan iarracht na sonraí fíorasacha a chumasc leis na mothúcháin a d'fhéadfadh a bheith aige agus lena chuid pleannanna don todhchaí.

Rogha 3: Agus an teimpléad ar an gcéad leathanach eile den bhileog oibre seo á úsáid, cuir imeachtaí Aoine an Chéasta, Satharn Cásca, Domhnach Cásca agus Luan Cásca 1916 ar scéalchlár



- Pleanáil do scéal sula dtosaíonn tú ar líníochtaí. Déan tobsmaointeoireacht ar na príomhimeachtaí idir an 21 Aibreán agus an 24 Aibreán 1916.
- Roghnaigh na príomhimeachtaí is suntasaí i do bharúil féin agus cuir beocht sna himeachtaí sin agus do scileanna ealaíonta á n-úsáid.
- Má chuireann tú bolgáin cainte san áireamh, roghnaigh do théacs go cúramach chun an t-imeacht nó teagmhas príomhúil a achoimriú ar an mbealach is fearr.



Aoine an Chéasta, 1916






Sathorn Cásca, 1916

An Tréimhse Roinn an tÉirí Amach:

Domhnach Cásca, 1916

Luan Cásca, 1916

AN TRÉIMHSE ROIMH AN TÉIRÍ AMACH:



CEAHT 4: AN ÉIRÍ AMACH A THUAIRISCIÚ

Is é an dáta an Satharn an 29 Aibreán 1916. Tar éis cuid mhór daoine a bheith maraithe ar an dá thaobh, faoi dheireadh ghéill na reibiliún-aigh do na Fórsaí Corónacha. Agus iad baracáid thart orthu do chuid mhór Sheachtain na Cásca, ní bhfuair muintir Bhaile Átha Cliath mórán faisnéise. Níl a fhios acu cén fáth a raibh a gcathair buailte ag troid fhuilteach.



Ní raibh an chuid is mó de na nuachtáin in ann gnó a dhéanamh. D'áitigh fir Shéamais Uí Conghaile áitre-abh an *Daily Express* ar Shráid na gCócáirí ar Luan Cásca, agus dódh oifigí an *Freeman's Journal* go talamh.

TASC AN SCOLÁIRE

Is ball thú den fhoireann nuachtáin agus ar deireadh tá bhur n-oifigí oscailte. Tá sé in am an nuacht a thu-airisciú.

- Céim 1** Déanfaidh do mhúinteoir an rang a roinnt ina ghrúpaí de cheathrar scoláirí. Ionadaíonn gach grúpa foireann nuachtáin dhifriúil.
- Céim 2** Cuirfear ar an eolas sibh faoi láthair bhur n-oifigí nuachtáin agus, mar gheall ar an gcontúirt atá i gceist, déanfaidh sibh tuairisc ar na himeachtaí go díreach i bhur gcomharsanacht.
- Céim 3** Is é an chéad rud le déanamh mar ghrúpa ainm bhur nuachtáin a chinneadh.
- Céim 4** Anois, cinnigí na daoine a ghlacfaidh ról éagsúla i bhur nuachtán. Léigí na **freagrachtaí** a bhaineann le gach ról agus, mar ghrúpa, déanaigí plé ar na scileanna a theastaíonn ó gach ról.
- Céim 5** Nuair a bheidh sé cinnte agaibh, ba cheart don eagarthóir **Bileog na Foirne Nuachtáin** thíos a chomhlánú agus í a thabhairt ar ais do bhur múinteoir.



Bileog na Foirne Nuachtáin

Ainm an Pháipéir Nuachta: _____

Suíomh an Nuachtáin: _____

Eagarthóir: _____

Iriseoir: _____

Iriseoir: _____

Eagarthóir Dearaidh: _____

Nuachtán a Reáchtáil: Róil agus Freagrachtaí

RÓL

CUR SÍOS

Eagarthóir (x1)

- Is ról freagrachta é seo
- Bíonn an focal scoir ag an eagarthóir maidir le hábhair uile a fhoilsíonn an nuachtán
- Sannfaidh tú sannacháin don fhoireann (taighde, scríbhneoireacht, grianghrafadóireacht nó líníocht)
- Cinnfidh tusa na ceannlínte do na hailt sa nuachtán
- Socróidh tusa na sprioc-amanna
- Déanfaidh tusa obair na foirne a chomhordú
- Déanfaidh tusa na hailt a chur in eagar maidir le litriú, poncaíocht agus cruinneas sula ndéanfar iad a chur i gcló
- Déanfaidh tú taighde ar an gcuma a bhí ar leathanaigh thosaigh nuachtán i 1916 agus, bunaithe ar do thaighde, dearfaidh tú leagan amach leathanach tosaigh bhur nuachtáin.

Iriseoirí (x2)

- Freastalóidh sibh ar an gcruinniú faisnéise le bhur n-eagarthóir
- Ghlacaidh sibh nótaí faoi bhur sannachán scríbhneoireachta a tugadh dóibh
- Bainfidh sibh úsáid as foinsí éagsúla lena n-áirítear léarscáileanna chun imscrúdú a dhéanamh ar na sonraí faoin méid a tharla le linn Sheachtain na Cásca sna limistéir is deise d'oifigí bhur nuachtáin.
- Déanfaidh sibh agallamh le daoine áitiúla, le reibiliúnaigh nó le saighdiúirí Briotanacha mar chuid de bhur n-imscrúdú.
- Déanfaidh sibh deimhin de go bhfuil bhur scríbhneoireacht ceart go fíorasach agus oibiachtúil
- Scríobhfaidh sibh alt amháin an duine agaibh faoi imeachtaí Sheachtain na Cásca i do cheantar
- Ní mór dóibh bhur n-ailt a phleanáil, a scríobh agus a chur in eagar
- Cuirfidh sibh na hailt faoi bhráid bhur n-eagarthóra le bheith curtha in eagar faoin spriocam a sannadh daoibh
- Rachaidh sibh i gcomhairle le bhur nEagarthóir Dearaidh faoin íomhá (faoi na híomhánna) le gabháil le bhur n-ailt

Eagarthóir Dearaidh (x1)

- Freastalóidh tú ar an gcruinniú faisnéise le d'eagarthóir
- Dearfaidh tú an barrtheideal don nuachtán agus na fógraí
- Rachaidh tú i gcomhairle leis na hiriseoirí agus leis an eagarthóir faoi chineál na híomhá (na n-íomhánna) a chuirfeadh leis na hailt ar an mbealach is fearr
- Déanfaidh tú an dá íomhá a bheidh le húsáid ar an leathanach tosaigh a fhoinsiú nó a chruthú
- D'fhéadfadh na híomhánna sin a bheith ina bpíosaí saothair bhunaidh, ina ngrianghraif nó ina léarscáil a chruthaigh tú

AN TÉIRÍ AMACH A THUAIRISCIÚ



Céim 6

Nuair a bheidh na ról sannta agus an nuachtán ainmnithe, dáilfidh bhur múinteoir na hábhair taighde a bheidh de dhíth oraibh chun bhur nuachtán a fhoilsiú.

Ba cheart go bhfaigheadh na grúpaí uile na nithe a leanas:

**(a) Léarscáil an Gharastúin
Fhoriomláin:**

Tugtar radharc ón spéir léi seo ar Bhaile Átha Cliath le linn Éirí Amach 1916 Taispeántar daingin phríomhúla na reibiliúnaigh léi mar aon leis na limistéir faoi smacht arm na Breataine.

**(b) Léarscáil d'Ard-Oifig an
Phoist (GPO) agus Limistéar
Shráid Uí Chonaill:**

Tugtar breac-chuntas níos mionsonraithe léi sin ar an réimse le haghaidh imscrúdaithe agus ar na himeachtaí a tharla ansin.

Céim 7

Nuair a chuireann bhur múinteoir in iúl daoibh faoin spriocdháta don tionscadal, tá sé in am tús a chur le pleanáil, le taighde agus le scríobh.

Ba cheart do gach grúpa roinnt taighde a dhéanamh roimh ré faoi na himeachtaí a tharla le linn Sheachtain na Cásca i mBaile Átha Cliath, agus go háirithe faoin méid a tharla timpeall ar an GPO. Gheobhaidh sibh faisnéis shármhaith ag turas fíorúil Google Maps ar Éirí Amach 1916

<https://dublinrising.withgoogle.com/welcome/>

A luaithe agus a bheidh smaoineamh ginearálta agaibh faoi na himeachtaí, ba cheart daoibh breathnaigh ar na léarscáileanna le haghaidh sonraí breise chun cur le bhur n-ailt nó mar spreagadh do na híomhánna.

D'fhonn an pheirspictíocht dhaonnúil a scrúdú, nó chun athfhriotail ábhartha a aimsiú do bhur n-ailt, d'fhéadfadh sibh breathnú ar na ráitis finné atá ar fáil ar líne ó Bhiúró na Staire Míleata: <http://www.bureauofmilitaryhistory.ie/bmhsearch/search.jsp>

Céim 8

Ba cheart do na hiriseoirí an triantán inbhéartaithe ar an gcéad leathanach eile a bhreathnú chun cuidiú le struchtúr a n-alt.

Céim 9

Nuair a bheidh na nuachtáin cruthaithe, cuirfidh na foirne a leathanaigh thosaigh i láthair don chuid eile den rang. D'fhéadfadh an láithreoireacht a bheith i bhformáid láithreoireacht PowerPoint, i gcruachóip nó i bhformáid dhigiteach. Ba cheart do gach ball den fhoireann a c(h)uid ionchuir a mhíniú i gcruathú an nuachtáin agus i bpríomhphointí na n-alt.

Céim 10

Tar éis gach ceann de na láithreoireachtaí, ba cheart do bhaill eile an ranga nóiméad a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh ar an méid a chuala siad. Ba cheart do gach scoláire ceist amháin a ullmhú d'fhoireann an nuachtáin. D'fhéadfadh an cheist a bheith bunaithe ar ábhar na n-alt, ar a roghanna dearaidh nó ar a dtuairimí faoin mhéid a scríobh siad.

AN TRIANTÁN INBHÉARTAITHE:

Tugtar an struchtúr bunúsach leis an ngrafaic seo maidir le halt nuachtáin faisnéiseach agus ba cheart daoibh é a úsáid agus bhur n-ailt á n-ullmhú agaibh.

An tAlt (na hAilt) Tosaigh

Freagraíonn sé sin ar na ceisteanna **Cé, Cad, Cá hÁit, Cathain agus Cad Chuige?**

Seo an áit a ndéanann tú do léitheoir a mhealladh agus iad a tharraingt níos mó a léamh.

Corp an Ailt

Soláthraítear faisnéis tábhachtach bhreise leis sin faoin topaic:


D'fhéadfá samplaí, athfhriotal ó agallamh, nó roinnt fíoras spéisiúil a chur san áireamh a d'aimsigh tú le linn d'imscrúdú

Deireadh an Ailt:


Níl sé chomh tábhachtach ach is faisnéis spéisiúil fós é:

Coinnigh cuimhne gurb é do thasc príomhúil chun an nuacht a thuairisciú. Ba cheart daoibh iarracht a dhéanamh chun faisnéis a sholáthar ó dhearcthaí éagsúla agus ba cheart go mbeadh sí fíorasach agus oibiachtúil.

(a) Léarscáil an Gharastúin Fhoriomláin



(b) Léarscáil d'Ard-Oifig an Phoist (GPO) agus Limistéar Shráid Uí Chonail



WEEKLY



Advert here

Advert here

Add your newspaper title here

VOL. 44.0.2,278

DUBLIN, Sunday April 30th, 1916

PRICE ONE PENNY

BANNER HEADLINE HERE

TITLE OF THE FIRST ARTICLE

By-line: journalist's name

Continue first article here

Image here with caption below

Image here with caption below

TITLE OF THE SECOND ARTICLE

By-line: journalist's name

Continue second article here

CEACHT 5: IARMHAIRT AN ÉIRÍ AMACH

TASC 1:

Scrúdaigh an grianghraf go cúramach agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

- Pictiúr A-

Fothraigh Shráid na Mainistreach, Shráid Sackville (Uí Chonaill) agus Ard-Oifig an Phoist tar éis an Éirí Amach.



[Photo: National Library of Ireland, KE 119]

CEISTEANNA TUISCEANA

1. Gan ach trí abairt á n-úsáid, cuir síos go hachomair ar an méid a fheiceann tú sa ghrianghraf sin.

2. An féidir leat dhá phíosa fianaise a aimsiú lena dtaispeántar go ndearnadh ionsaí uafásach ar na reibiliúnaigh in Ard-Oifig an Phoist?

.....

3. An féidir leat trí mhodh iompair a shainaithint in úsáid ag muintir Bhaile Átha Cliath i 1916?

.....

.....

4. I do bharúil féin, an foinse iontaofa fianaise an grianghraf sin faoi iarmhairt Éirí Amach 1916 Mínigh do fhreagra.

.....

.....

TASC AN SCOLÁIRE: DEARCTHAÍ ÉAGSÚLA

Samhlaigh gur foilsíodh an grianghraf i nuachtán an 30 Aibreán 1916.

Step 1: Sannfar uimhir duit idir 1 agus 6.

Step 2: Aimsigh d'uimhir in aice le duine de na daoine atá liostaithe thíos agus scrúdaigh an íomhá arís óna d(h)earcadh féin.


1. *Cónaitheoir i limistéar Shráid Sackville (Uí Chonaill) i 1916*
2. *Comharsa linbh óig a maraíodh in Éirí Amach 1916*
3. *Ball de Gharastún Ard-Oifig an Phoist faoi cheannas Phádraig Mhic Piarais le linn Sheachtain na Cásca.*
4. *Saighdiúir in arm na Breataine a bhí ar dualgas ar Shráid Sackville nuair a ionsaíodh í le sliogáin Dé hAoine an 28 Aibreán 1916.*
5. *Bean chéile Éireannaigh a bhí ar sheirbhís le harm na Breataine sa Fhrainc i 1916*
6. *Sclábhaí dífhostaithe ó thionóntán i limistéar Shráid Sackville a ghlac páirt sa chreachadh le linn Sheachtain na Cásca*

Step 3: Agus tusa ag fanacht i gcarachtar, roghnaigh cúig fhocal lena gcuirtear síos ar an mbealach is fearr ar conas a mhothaíonn tú mar gheall ar an ngrianghraf. Scríobh na focail sa spás thíos.



Step 4: Ba cheart do gach scoláire triúr scoláirí eile a aimsiú ag a bhfuil an uimhir chéanna/duine céanna.

Step 5. Agus an mata boird thíos á úsáid, ba cheart don ghrúpa de cheathrar na focail dá gcuid a chur i gcomparáid le chéile, agus cinneadh a dhéanamh in éineacht le chéile ar an liosta deiridh de sheacht bhfocal.



Céim 6:

Bunaithe ar na seacht bhfocal a roghnaigh do ghrúpa agus ar an aiseolas ó na grúpaí eile, roghnaigh ceann amháin de na tascanna thíos.



Rogha 1:

Agus an teimpléad arna sholáthar á úsáid, scríobh radharc drámatúil gairid ina bpléann do charachtar roghnaithe a f(h)reagairt ar an Éirí Amach le carachtar eile a roghnaíonn tú. Déan iarracht rogha mothúchán/freagairtí a chur san áireamh a rinne tú a thaifeadadh sa tasc roimhe seo. (*D'fhéadfadh sibh cinneadh a dhéanamh an radharc drámatúil a scríobh mar grúpa agus é a chur i láthair don rang.*)

Rogha 2:

Scríobh an iontráil dialainne ghairid a d'fhéadfadh a bheith scríofa ag do charachtar ar an Domhnach an 30 Aibreán 1916 go díreach tar éis Éirí Amach 1916. Déan iarracht rogha mothúchán/freagairtí a chur san áireamh a rinne tú a thaifeadadh sa tasc roimhe seo.

Ainm an Dráma: _____

Gníomh 1, Radharc 1:

Láthair: _____ (cá bhfuil an dráma ag tarlú?)

Am an Lae: _____

Ainm charachtar 1: _____ Aitheantas: _____ (*m.sh. Saighdiúir Briotanach*)

Ainm charachtar 2: _____ Aitheantas: _____

Treoracha Stáitse: (*socrú na gcarachtar, prapaí, éifeachtaí fuaime, srl.*)

Dialóg:

Carachtar 1:

Carachtar 2:

Carachtar 1:

Character 2: srl.

Agus an teimpléad á úsáid mar thúsphointe, is féidir leat an oiread dialóige agus an oiread treoracha stáitse agus is mian leat a chur leis.



CEACHT 6: BÁSÚ, DÍBIRT AGUS ATHRUITHE AR THUAIRIMÍ

- Doiciméad A -

Litr a scríobh Éamonn Ceannt chuig a bhean chéile Áine go gairid roimh a bhás ag breacadh an lae an 8 Bealtaine 1916

13 Alpha Road
2.30 a.m.
8/5/16

My dearest wife Áine,
Not wife but widow before these
lines reach you. I am here without hope of this world
and without fear, calmly awaiting the end. I have had
Holy Communion and Fr Augustine has been with me and
will be back again. Dearest "silly little Fanny". My poor
little sweetheart of - how many - years ago. "Ever my
Comforter, God comfort you now. What can I say." I
die a noble death, for Ireland's freedom. Men and women
will vie with one another to shake your dear hand. Be
proud of me as I am and ever was of you. My cold ex-
terior was but a mask. It has served me in these last days.
You have a duty to me and to Rónán, that is to live.
My dying wishes are that you shall remember your state of health,
work only as much as may be necessary and freely accept
the little attentions which in due time will be showered upon
you. You will be - you are, the wife of one of the leaders of
the Revolution. Sweet, still you are my little child, my dearest
pet, my sweetheart of the hawthorn hedges and summer
eves. I remember all and I banish all that I may be
strong and die bravely. I have one hour to live, then God's
judgment and, through his infinite mercy, a place near your
poor Fanny and my mother and father and Jim and all
the fine old Irish Catholics who went through the scourge
of similar misfortune from this Vale of Tears into the Promised
Land. *Bíos mairbh ag a scórúin mo éirí. Táis go ceann
súis bíos fós ag a scórúin a céile spí, b'fáilte de-
ceas, mairbh ag a scórúin beo.*

Adieu
Éamonn

Beathaisnéis Ghairid Éamonn Ceannt: Ba mhac Éamonn Ceannt le constábla an RIC, agus tógadh é i gContae Lú agus fuair sé a oideachas leis na Bráithre Críostaí i mBaile Átha Cliath. Chuir sé spéis i gConradh na Gaeilge nuair a bhí sé amach sna déaga agus thiomnaigh é féin don Ghaeilge agus do cheol Gaelach. Bhuaill sé le Frances (Fanny) O'Brennan trí bhallraíocht Chonradh na Gaeilge agus phós siad i 1905. Rugadh a mac Rónán an bhliain dar gcionn. Cosúil lena lán daoine a chuaigh isteach i gConradh na Gaeilge, ghlac Frances le hainm Gaelach, Áine, i 1909.

Sna blianta ina dhiaidh sin mealladh Ceannt chuig poblachtachas na láimhe láidre, ar dtús le Bráithreachas Phoblacht na hÉireann agus ní ba dhéanaí mar phríomhbhall Fheidhmeannas Óglaigh na hÉireann. Chuaigh Áine agus a deirfiúr, Lily O'Brien, isteach i gCumann na mBan nuair a bunaíodh é i 1914. Toghadh Éamonn chuig Comhairle Uachtarach an IRB i 1915 agus ina dhiaidh sin tugadh isteach é ar a Chomhairle Mhíleata. In éineacht lena chomh-shínitheoir den Fhorógra, Joseph Plunkett, d'fhorbair sé an plean don Éirí Amach. Le linn Sheachtain na Cásca 1916, chosain Ceannt agus a chathlán Aontas Bhaile



Átha Cliath Theas go stuama i gcomhrac uafásach i ngar daoibh. Sheas sé amach mar dhuine de na ceannairí míleata is sármhaithe den éirí amach. Cuireadh chun báis é i bPríosún Chill Mhaighneann an 8 Bealtaine 1916.

TASC AN SCOLÁIRE:

Scrúdaigh an litir (Doiciméad A) go cúramach agus ansin freagair na ceistanna a leanas.

1. Cén am den lá ar scríobhadh an litir

.....

2. An féidir leat trí phíosa fianaise a aimsiú sa litir chun a thaispeáint go raibh Ceannt ina Chaitliceach cráifeach?

.....

.....

.....

3. Cad ba dhualgas do Áine tar éis a bháis, de réir Ceannt.....

4. An aontófá go léirítear 'misneach agus dínit' roimh an mbású leis an litir Mínigh do fhreagra agus fianaise ón litir á húsáid.

.....


.....

.....

5. An féidir leat mothúchán amháin eile a shainaithint atá sa litir
6. An féidir leat triúr ar a laghad de na ceannairí eile a ainmniú a cuireadh chun bás i mBealtaine 1916?
.....
7. Uaireanta bíonn litreacha pearsanta, amhail an ceann seo a scríobh Éamonn Ceannt, úsáideach do staraithe. Tabhair buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le litreacha pearsanta a úsáid mar fhoinsí stairiúla.
buntáiste:
míbhuntáiste:
8. **Pointí Plé:** Cén dóigh, i do bharúil fáin, a raibh éifeacht ag foilsiú litreacha mar sin, mar aon le sonraí faoi bhású chúigear ceannairí déag Éirí Amach 1916, ar athrú intinne i measc daoine faoin Éirí Amach?

- Doiciméad B-

Léarscáil a theaspáineann seoltaí na 2,486 duine a cuireadh i bpríosún agus a díbríodh, Bealtaine agus Meitheamh 1916



Fotheideal:

Sna seachtainí tar éis Éirí Amach 1916 gabhadh na mílte duine, cuireadh i bpríosún iad agus rinneadh iad a imtheorannú agus rinneadh timpeall ar 2,500 a dhíbirt chuig ionaid choinneála éagsúla sa Bhreatain. Scaoil na húdaráis mhíleata liostaí lena léiríodh ainmneacha agus seoltaí na ndaoine a rinneadh a dhíbirt, an dáta ar a ndearnadh iad a dhíbirt, agus an láthair ina raibh siad á gcoinneáil. Cuireadh na liostaí sin san áireamh le Lámhleabhar Éirí Amach Shinn Féin, Cáisc 1916 arna fhoilsiú ag an *Weekly Irish Times*. Leis an léarscáil seo, a cruthaíodh trí sheoltaí baile na n-ionnarbthach a bhreacadh, tugtar iarmhairt an éirí amach lasmuigh de Bhaile Átha Cliath chun suntais.

TASC 2: LÉAMH LÉARSCÁILE

Scrúdaigh an léarscáil go cúramach agus ansin freagair na ceistanna a leanas.

1. Cad é mar a léiríonn an léarscáil iarmhairt an Éirí Amach lasmuigh de Bhaile Átha Cliath?
.....
.....
2. Bunaithe ar do léamh ar an léarscáil, cad iad na ceithre chontae in Éirinn ina ndearnadh an líon is mó daoine a ghabháil sa tréimhse Bealtaine-Meitheamh 1916?
.....
.....
3. Bunaithe ar do léamh ar an léarscáil, i do bharúil féin, cén fáth ar chuir na gabhálacha agus an díbirt le hathrú intinne an phobail faoin Éirí Amach?
.....
.....
4. Cad iad na dóigheanna ina mbeadh léarscáil mar seo úsáideach do staraithe?
.....
.....

TASC AN SCOLÁIRE: LE BHEITH I DO STARAÍ

Cruthaíodh an léarscáil thuas trí sheoltaí baile na 2,486 ionnarbthach a bhí liostaithe i **Lámhleabhar Éirí Amach Shinn Féin, Cáisc 1916**, arna fhoilsiú i 1917 ag an *Weekly Irish Times*. Tá ailt san fhoinse phríomhúil an-luachmhar sin a ritheadh sa nuachtán sa mhí tar éis an Éirí Amach. San áireamh leis tá liostaí na ndaoine a gortaíodh, na foirgnimh a scriosadh, ainmneacha na bpríosúnach, grianghraif agus léarscáileanna. Rinneadh Lámhleabhar an Éirí Amach a dhigitiú agus tá sé ar fáil le léamh ar líne ag <https://archive.org/details/sinnfeinrebellio00dubl/page/68>

- Céim 1:** Déanfaidh do mhúinteoir an rang a roinnt ina ghrúpaí de thriúr scoláirí. Sannfar ceann amháin de na contaetha/cathracha a leanas do gach grúpa: Loch Garman, Cill Dara, Gaillimh, Tír Eoghain, Maigh Eo, Ciarraí, Béal Feirste, Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann.
- Céim 2:** Déan Lámhleabhar an Éirí Amach a rochtain ar líne agus téigh go lch 69 Seo tús an liosta de phríosúnaigh a rinneadh a dhíbirt agus a scaoileadh saor tar éis Éirí Amach 1916. Iompigh na leathanaigh chun liosta na bpríosúnach a aimsiú a rinneadh a dhíbirt idir an 8 Bealtaine agus an 20 Bealtaine 1916. Feicfidh tú go n-insítear go minic sa lámhleabhar áit ar seoladh iad i Sasana. I go leor cásanna, tá gairm an phríosúnaigh liostaithe chomh maith lena ainm agus a sheoladh.
- Céim 3.** Ba cheart do gach grúpa ainmneacha 6 príosúnach a chuardach ón limistéar/cathair atá sannta dóibh a rinneadh a dhíbirt idir an 8 Bealtaine agus an 20 Bealtaine 1916. Ghlac nótaí faoina seoltaí baile, faoi dháta na díbeartha, faoi ainm an phríosúin sa Bhreatain agus faoina ngairmeacha, nuair atá siad liostaithe.



Ainm an Phríosúnaigh	Seoladh Baile	Gairm	Dáta na Díbeartha	Ainm an Phríosúin sa Bhreatain

- Céim 4:* Anois, agus an tábla comhlánaithe agat, tá tú réidh chun na torthaí a bhreacadh ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile. Bain úsáid as léarscáil ar líne den Bhreatain chun láithreacha na bpríosún sa tír sin a aimsiú atá liostaithe agat.
- Céim 5:* Marcáil na láithreacha sin ar léarscáil ghlan na Breataine ar an gcéad leathanach eile.
- Céim 6:* Sa bhosca faoin léarscáil ar an gcéad leathanach eile, línigh imlíne an chontae/na cathrach atá sannta duit. Agus an léarscáil ar líne den chontae/chathair sin á húsáid, aimsigh agus marcáil seoltaí baile na bpríosúnach atá liostaithe agat.
- Céim 7:* Scríobh ainm gach príosúnaigh in aice lena sheoladh baile mar aon le siombail chun a ghairm a ionadú.




TASC AN SCOLÁIRE:

Bunaithe ar thorthaí do thaighde, ar do scrúdú ar fhoinsí príomhúla agus ar an íomhá thíos, scríobh aiste gairid faoin dóigh a ndeachaigh na básuithe agus an díbirt i bhfeidhm ar thuairim an phobail agus faoin Éirí Amach. Déan iarracht an oiread fóras agus samplaí sainiúla agus is féidir leat a chur san áireamh.

1916 Rising: The Executions



Patrick Pearse



Thomas Clarke



Thomas McDonagh

3 May 1916



Joseph Plunkett



Michael O'Hanrahan



Edward Daly



William Pearse

4 May 1916



John McBride

5 May 1916



Eamonn Ceannt



Con Colbert



Sean Heuston



Michael Mallin

8 May 1916



Thomas Kent

9 May 1916




James Connolly



Sean MacDermott

12 May 1916

Ceist: Cad iad na dóigheanna a ndeachaigh gabháil agus díbirt na mílte de reibiliúnaigh faoi amhras agus bású chúigear ceannairí déag an Éirí Amach i bhfeidhm ar thuairim an phobail faoin Éirí Amach?



Mír 1. Réamheolas (Achoimre ghairid ar Éirí Amach 1916)

.....

.....

.....

.....

.....

.....

Mír 2: Go díreach tar éis an Éirí Amach mhothaigh daoine agus
Seo a leanas na cúiseanna leis an bhfreagairt thosaigh sin:

Cúis 1 le míniú:

.....

.....

.....

.....

Cúis 2 le míniú:

.....

.....

.....

.....

Mír 3: D'athraigh tuairim an phobail de réir a chéile. Bhí dhá phríomhchúis ann leis sin

Cúis 1 le sampla

.....

.....

.....

Cúis 2 le sampla:

.....

.....

.....


Mír 4: Conclúid

Dá bhrí sin,

.....

.....

.....



Across:

- 6 This word means to see something from only one point of view
 9 O'Connell Street was known by this name in 1916
 10 The GPO garrison evacuated to this street after their headquarters was shelled on Friday of Easter Week
 12 This word mean to be imprisoned without trial
 13 The group formed by Eoin MacNeill in November 1913 to protect the implementation of Home Rule in Ireland
 14 The people in Ireland who wanted total independence from Britain
 18 This man founded Sinn Fein
 20 John Redmond's speech at this place in County Wicklow in September 1914, split the organisation
 21 A book of maps or charts
 25 The surname of the captain of the German ship carrying weapons for the Rising
 26 The idea that Irish people would be inspired to fight for Ireland by the blood spilled during the 1916 Rising
 28 This man was the leader of the Irish Citizen Army
 29 The Irish Volunteers smuggled arms and ammunition into this harbour in 1914
 30 This German ship was scuttled in Cork Harbour in 1916
 31 The idea that Ireland would have her own parliament in Dublin but still remain part of the British Empire
 32 Patrick Pearse read out this important document outside the GPO on Easter Monday, 1916

Down:

- 1 Many people in Dublin lived in this type of overcrowded building in the early 20th century
 2 The British gunboat, the Helga, sailed up this river on Wednesday 26 April 1916
 3 Eoin MacNeill tried to stop the Rising by issuing this document
 4 The people who wanted Ireland to be an independent nation with her own parliament
 5 One of the two main political parties in Britain in the early 20th century
 7 This countess served as second-in-command to Michael Mallin in St Stephen's Green
 8 The Leader of the Irish Parliamentary party at Westminster
 11 This leader of the Rising was married just hours before his execution
 15 The women's auxiliary organisation formed in April 1914
 16 The House of Lords lost this power when the Parliament Act was passed in 1911
 17 This unionist politician organised the signing of the Solemn League and Covenant in 1912
 22 This small group of seven men was created by the Supreme Council of the IRB to plan the 1916 Rising
 23 The executions of the leaders of the Rising took place in his prison
 24 The prison camp in North Wales to which many Irish prisoners were deported after the Rising
 27 The Third Home Rule Bill was passed in the House of Commons in this month in 1912
 28 Thomas MacDonagh commanded the 2nd Battalion at this factory during the Rising